2025/2338

21.11.2025

RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2025/2338 ÓN gCOIMISIÚN

an 20 Samhain 2025

lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2016/100 lena leagtar síos caighdeáin theicniúla cur chun feidhme lena sonraítear próiseas an chinnidh chomhpháirtigh maidir le ceadanna stuamachta áirithe a chur i bhfeidhm de bhun Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Meitheamh 2013 maidir le ceanglais stuamachta i gcomhair institiúidí creidmheasa agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 ([1]), agus go háirithe Airteagal 20(8), an tríú fomhír de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Cuireadh Rialachán (AE) 2024/1623 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([2]) in ionad Theideal III de Chuid a Trí de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013, agus dá thoradh sin cuireadh modh aonair, nach bhfuil bunaithe ar shamhail, in ionad gach cur chuige atá ann cheana chun meastachán a dhéanamh ar cheanglais cistí dílse le haghaidh riosca oibriúcháin institiúidí, lena n-áirítear Ardchur Chuige an Tomhais, is é sin an cur chuige caighdeánaithe nua maidir le riosca oibriúcháin.

(2) Le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2016/100 ón gCoimisiún ([3]), sonraítear an próiseas cinnteoireachta comhpháirtí maidir leis an iarratas ar cheadanna stuamachta áirithe, lena n-áirítear Ardchur Chuige an Tomhais. I bhfianaise na leasuithe ar Theideal III de Chuid a Trí de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013, agus go háirithe an cur chuige caighdeánaithe nua maidir le riosca oibriúcháin a chur in ionad Ardchur Chuige an Tomhais, is gá Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2016/100 a leasú chun na leasuithe sin a chur san áireamh.

(3) Le Rialachán Tarmligthe (AE) 2025/1496 ón gCoimisiún ([4]), cuireadh Airteagal 520a nua isteach i Rialachán (AE) Uimh. 575/2013, faoina bhfuil sé d'oibleagáid ar institiúidí leanúint de Chuid a Trí, Teideal IV, agus na ceanglais maidir le riosca margaidh in Airteagail 430, 430b, 445 agus 455 de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 a chur i bhfeidhm sa leagan atá i bhfeidhm an 8 Iúil 2024 go dtí an 1 Eanáir 2027. Dá bhrí sin, an tagairt d'Airteagal 363 de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 a bhaineann leis an gcead samhlacha inmheánacha a úsáid chun críche ceanglais cistí dílse le haghaidh riosca margaidh a ríomh, ba cheart an cead sin a choinneáil ar bun sa Rialachán seo.

(4) Tá an Rialachán seo bunaithe ar na dréachtchaighdeáin theicniúla cur chun feidhme a chuir an tÚdarás Baincéireachta Eorpach (ÚBE) faoi bhráid an Choimisiúin.

(5) Tá comhairliúcháin phoiblí oscailte déanta ag ÚBE maidir leis na dréachtchaighdeáin theicniúla cur chun feidhme ar a bhfuil an Rialachán seo bunaithe, tá anailís déanta aige ar na costais agus ar na tairbhí a d'fhéadfadh a bheith ag baint leo ann agus tá tuairim iarrtha aige ar an nGrúpa Geallsealbhóirí Baincéireachta arna bhunú i gcomhréir le hAirteagal 37 de Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([5]),

([1]) IO L 176, 27.6.2013, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2013/575/oj.

([2]) Rialachán (AE) 2024/1623 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 31 Bealtaine 2024 lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 a mhéid a bhaineann le ceanglais le haghaidh riosca creidmheasa, riosca um choigeartú luachála creidmheasa, riosca oibriúcháin, riosca margaidh agus an t-íosráta aschuir (IO L, 2024/1623, 19.6.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/1623/oj).

([3]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2016/100 ón gCoimisiún an 16 Deireadh Fómhair 2015 lena leagtar síos caighdeáin theicniúla cur chun feidhme lena sonraítear próiseas an chinnidh chomhpháirtigh maidir le ceadanna stuamachta áirithe a chur i bhfeidhm de bhun Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 21, 28.1.2016, lch. 45, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2016/100/oj).

([4]) Rialachán Tarmligthe (AE) 2025/1496 ón gCoimisiún an 12 Meitheamh 2025 lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le dáta chur i bhfeidhm na gceanglas cistí dílse le haghaidh riosca margaidh (IO L, 2025/1496, 19.9.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2025/1496/oj).

([5]) Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Samhain 2010 lena mbunaítear Údarás Maoirseachta Eorpach (An tÚdarás Baincéireachta Eorpach), lena leasaítear Cinneadh Uimh. 716/2009/CE agus lena n-aisghairtear Cinneadh 2009/78/CE ón gCoimisiún (IO L 331, 15.12.2010, lch. 12, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2010/1093/oj).

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2016/100 mar a leanas:

(1) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 1:

'*Airteagal 1*

Ábhar

Sonraítear sa Rialachán seo an próiseas cinnteoireachta comhpháirtí dá dtagraítear in Airteagal 20(1), pointe (a), de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 maidir leis na hiarratais ar na ceadanna dá dtagraítear in Airteagal 143(1), Airteagal 151(9), Airteagal 283, agus Airteagal 325az, nó Airteagal 363 sa leagan atá i bhfeidhm an 8 Iúil 2024, den Rialachán sin chun cinntí comhpháirteacha a éascú.';

(2) in Airteagal 3, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

'1. Féadfaidh an maoirseoir comhdhlúthacháin a chinneadh údaráis mhaoirseachta tríú tír atá rannpháirteach i gcoláiste na maoirseoirí de bhun Airteagal 3(3) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2025/791 (*) ón gCoimisiún a rannpháirtiú sa mheasúnú ar iarratais arna gcur isteach de bhun Airteagal 20(1), pointe (a), de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 i gcás ina n-oibríonn an t-iarratasóir sa tríú tír sin agus ina bhfuil sé beartaithe aige na modheolaíochtaí lena mbaineann a chur i bhfeidhm maidir le neamhchosaintí sa tríú tír sin. Sa chás sin, tiocfaidh an maoirseoir comhdhlúthacháin agus údaráis mhaoirseachta an tríú tír araon ar chomhaontú maidir le raon feidhme rannpháirtíocht na n-údarás sin chun na gcríoch seo a leanas:

(a) go soláthróidh údaráis mhaoirseachta an tríú tír don mhaoirseoir comhdhlúthacháin a rannchuidiú leis an tuarascáil mheasúnaithe arna hullmhú ag an maoirseoir comhdhlúthaithe;

(b) na rannchuidithe dá dtagraítear i bpointe (a) den mhír seo a chur leis an tuarascáil mheasúnaithe arna hullmhú ag an maoirseoir comhdhlúthacháin mar iarscríbhinní.';

(*) Rialachán Tarmligthe (AE) 2025/791 ón gCoimisiún an 23 Aibreán 2025 lena bhforlíontar Treoir 2013/36/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le caighdeáin theicniúla rialála lena sonraítear na coinníollacha ginearálta maidir le feidhmiú na gcoláistí maoirseoirí, agus lena n-aisghairtear Rialachán Tarmligthe (AE) 2016/98 ón gCoimisiún (IO L, 2025/791, 8.8.2025 ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2025/791/oj).';

(3) leasaítear Airteagal 4 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

'1. Ar iarratas a fháil ar chead dá dtagraítear in Airteagal 143(1), Airteagal 151(9), Airteagal 283 agus Airteagal 325az, nó Airteagal 363 sa leagan a bhí i bhfeidhm an 8 Iúil 2024, de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013, cuirfidh an maoirseoir comhdhlúthacháin an t-iarratas ar aghaidh chuig na húdaráis inniúla ábhartha gan moill mhíchuí, agus in aon chás laistigh de 10 lá.';

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 3:

'3. Measfar iarratas a bheith iomlán má tá an fhaisnéis uile ann a theastaíonn ó na húdaráis inniúla chun measúnú a dhéanamh ar an iarratas i gcomhréir leis na ceanglais a leagtar amach in Airteagail 143, 144, 151, 283, agus 325az, nó Airteagal 363 sa leagan a bheidh i bhfeidhm an 8 Iúil 2024, de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013.';

(4) in Airteagal 5(3), cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (c):

'(c) cuirfear san áireamh ann, a mhéid is féidir, na gníomhaíochtaí eile a dhéanann an maoirseoir comhdhlúthacháin agus na húdaráis inniúla ábhartha faoi chlár scrúdúcháin choláiste na maoirseoirí dá dtagraítear in Airteagal 16 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2025/791.';

(5) in Airteagal 6, leasaítear mír 3 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (a):

'(a) tuairim maidir le cé acu ba cheart nó nár cheart an cead a iarradh a dheonú, bunaithe ar na ceanglais a leagtar amach in Airteagal 143(1), Airteagal 151(9), Airteagal 283, agus Airteagal 325az, nó Airteagal 363 sa leagan a bhí i bhfeidhm an 8 Iúil 2024, de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013, mar aon leis an réasúnaíocht chun tacú leis an tuairim sin;';

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (c):

'(c) na measúnuithe a bhaineann leis na hábhair nach mór d'údaráis inniúla measúnú a dhéanamh orthu i gcomhréir leis na ceanglais a leagtar amach in Airteagail 143, 144, 151, 283, agus 325az, nó Airteagal 363 sa leagan a bhí i bhfeidhm an 8 Iúil 2024, de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013;';

(6) in Airteagal 7(3), cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (i):

'(i) aon téarma agus coinníoll atá le comhlíonadh ag an iarratasóir, lena n-áirítear réasúnaíocht chomhfhreagrach, sula n-úsáidfear an cead dá dtagraítear in Airteagal 143(1), Airteagal 151(9), Airteagal 283, agus Airteagal 325az, nó Airteagal 363 sa leagan a bhí i bhfeidhm an 8 Iúil 2024, de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013, i gcás inarb infheidhme;';

(7) in Airteagal 13, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

'1. I gcás ina mbaineann iarratas ar chead le síntí nó athruithe ábhartha ar shamhail dá dtagraítear in Airteagal 143(3), Airteagal 151(9), Airteagal 283, agus Airteagal 325az, nó Airteagal 363 sa leagan a bhí i bhfeidhm an 8 Iúil 2024, de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013, oibreoidh an maoirseoir comhdhlúthacháin agus na húdaráis inniúla atá freagrach as maoirseacht a dhéanamh ar institiúidí a ndéanann na síntí nó na hathruithe ábhartha samhla sin difear dóibh le chéile, i gcomhairliúchán iomlán, chun a chinneadh an dtabharfar nó nach dtabharfar an cead arna lorg i gcomhréir le hAirteagal 20 de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013, de réir an phróisis a leagtar amach in Airteagail 3 go 9 den Rialachán seo.'.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 20 Samhain 2025.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN